Crann

Crann a cuireadh
    im’ chroíse
ag fás is ag leathnú amach
    crann na laoithe
ilghéagach
    lasair-chrann
fréamhaithe sa bhás
    folctha i bhfuil
anáilséidte
    cnámhshnáithíneach
crann colainne
    na ndúl
crann i síol
    ardghlórach
ilteangach
    tiúchraicneach
crann gíoscánach
    beag beann ar thoirneach
creimthe ag an ngaoth
    ceaptha ag an sneachta
crann a tháinig slán
    ina chreatlach
faoi scamaill stoirme
    bachlóga mallsceite
 trí éadóchas
    trí dhóchas teilgthe
na n-ardspéartha
    ciorras-scaipthe
bealaí na bó finne
    is filleadh na n-éan
i do dhúiseacht
    crann an tsuain

cuimhní thart ort
dlúthghráinneach
adhmad earraigh
is adhmad samhraidh
crann na dtaibhreamh
is na gcuairteanna
folt na laochra
ar lár sea do dhuilliúr
nathair-mhaisithe
fathach ar garda
guthanna ina n-orlaí tríot
is gáire na bpáistí
crann sinseartha
a ólann an domhan
a shlogann an spéir
crann uaighe
beo na n-inní
a alpann solas
colún gaoise
an deataigh is na néal
lóchrann an dísirt
tornádó an duail
scairdeán tine
slabhra óir
ár dtreorú
tríd an oíche
le hagáit le gaing
is haemaitít
ó thráthnóna
drúcht smaragaide á bhailiú
coirnéilean
is drúcht na ndiamant
agus i mbabhla fháinne an lae
na séad
an péarla is an t-ópal
á leá

sínte in aghaidh
na maidine
treilís chumhra
a chuimsíonn an nóin
crann an domhain
faoi choróin ghorm
uisce tine
an aeir is na ngothaí
long an tsolais
birling chrónbhuí
á seoladh ar aghaidh
stálaithe ag an ngaoth
timpeall ar chlabhsúr na bliana
is ar ais arís
feistithe ag cré
crann i gcuan ithreach
slaparnach na dtaoidí neimhe
le do ghob
cliabhán gréine
ciseán gealaí
casca réaltaí
faoi bhlaincéad scamall
dreigí á luascadh
pláinéid á gcroitheadh
réaltbhuíonta á dtreabhadh
ar mhaidí rámha fada
an domhan á bhascadh
an spéir á rácáil
an briathar á bhriseadh
an charraig á scoilteadh
an chnámh á smiotadh
rosta na gcraobh
túr nirt
buthal maighdeoige
crann an dín aisigh
faras tóraíochta

de shíor ag casadh
    a stróic trí screamh
aille is creige
    dachtal biorach a adhnann
splancacha
    a theilgeann lasracha
cleite i ngreim
    an chlochdhoirn
leathanach an lae
    á lasadh
i nduille glas is in órdhuille
    lámhscríbhinn
a ghreanann plaiceanna
    i lusca na hoíche
dúch curtha ar thrasnáin
    i mbaróin
urlabhra faoi fhoinsí
    á spreagadh
chun croí leáite an dorchadais
    a chanadh
an t-oighear caimbriach
    caonach is gual
raithneach iontaisithe
    is dineasár
crann ama
    á chasadh á dhó
beola na staire
    á n-oscailt le fórsa
na gialla á ndruileáil
    chun síolta a chaitheamh amach
cipíní is spíonlach
    is péacáin chaola
fréamhaithe ina chuid séamaí
    is a chuid bealaí fola
bláthaíonn mian
    ar ghais bhriosca

ómra maighnéadach
mionnaí ríoga
crann leictreach
seoltóir tintrí
fóiséad fuinnimh
trí strataisféir
simléar a tógadh
i bpota an bháis
blianta á mbreoslú
le hanáil chiúin
crann na cruthaitheachta
crann na scriostóireachta
teampall a cuireadh
i mblaosc bun os cionn
snáithíní adhmaid
á gcaolú trí
logall súile
is mandabal
crann an domhain
coimeádaí scrollaí
uaimh clúdaithe
ag spéirshliabh
puball ríméad
curtha san uaigneas
cruinneachán na gcogar
spuaic creatha
geargáil chnapánach
taca na gcnoc
buaircín na glóire
tolladóir an cheo
cloigtheach laitíse
nead na n-aingeal
fean-luscach
crann macallach
dréimire rungaí
do mhéara an anama

comhla scornaí
glotas eiteach
ag clingeadh ag canadh
creat na n-easnacha
aeir na foraoise
is aeir na machairí
i gcomhcheol
siansach
le haighneas síoraí
an aigéin
baitín ceolfhoirne
slat collóra
ag tumadh á lúbadh
buinneán coille
cromtha ag tnúthán
fleisc an dóchais
mar théad rite sínte
ón dóib go Dia
fleasc i dtiúin
leamóg
caduceus-chasta
árthach craobhach
teirmiméadar a thomhaiseann
teas na gcianta
sú mearcair
ag ardú ag ísliú
crann cuasach
stómata-chuisleannach
tobar adhmaid
mianach tollánaithe
corda cloig
is scamhóga Haidéis
úim gála
an dream damnaithe á bhfuarú
is an dream a cailleadh faoi dhó
is nár saolaíodh riamh

le cling na gcláirseach
    i ngleann is i bplásóg choille
is caoineadh na n-úllord
    i ndiaidh na Heispirídí
 crann broinne
    taisbheolach
bailitheoir báistí
    crann faoi thalamh
calctha le húsc
    dabhach fhíona
crann dúile
    a thugann toradh tabúnna
fuarán sléibhe
    cumhracht craos-scléipe
eas
    crann caointeach
abhainn thar bruach
    brollach magma
crann laibhé
    ag cur síol-oileán
deilt ina guairneán
    crann coiréal
ar lasadh de shíor
    duillsilteach
crann buile
    crann na páise
buailte le spíonta
    ag cur allas fola
crann na harrainge
    síorghlas
cith taibhsí
    a chailleann leanaí
crann comónta
    briosc críonna
plódaithe cranda
    crann faoi scáth

ag feithidí creimthe
galraithe ag lobhadh
réabtha ag tintreach
crotal gorta
éignithe loite
crann an phobail
oibilisc
crann marbh
bainte ó fhréamh leagtha
clár gearrtha
crann teaghlaigh
le haghaidh teasa is breosla
crann boird
le haghaidh aráin is fíona
imchásáilte
tótam tirsis
ceangailte taca curtha leat
talmhaithe is fiús ann
breac le fuil
cabhail ríoga
ifreann á thairneáil
go parthas
crann crochta
ag éirí arís
altach cnapánach
maide an daill
lann claímh
thromdhoirn
dlúthchabhail
starrfhiacail eabhair
sleá éabainn
i do sheasamh buacach
crann i bhféarthalamh
i ngairdín cathrach
prúnáilte tindeáilte
ag lámha foighneacha

crann ciúin
    sea is ní hea
seo is siúd
    dubh is bán
cumar
    an ama atá thart is ag teacht
daingnithe anois
    sa síor-mholadh
crann feola
    timpeallaithe ag matáin
fuil is allas
    ag osnaíl ar crith
crann creathach
    fial
crann speirme
    caidéal na beatha
de shíor ag cur thar maoil
    an nathair lúbtha
thar a chuid rútaí
    an t-éan fionn
i measc na ngéag ann
    crann sprideanna
crann na rún
    adhlactha ar neamh
chun bláthú trí fhéitheacha
    artairí néaróga
crann ribeach
    míristéamach
an tsocfhréamh báite
    i spéartha na síoraíochta
anuas liom in airde
    aníos liom síos
slat na gcianta
    ar le hÁdhamh Kadmón í
Ieise Dáiví
    is Sátániél

is Maois
ar an sliabh ard
crann an Bhúda
crann Tílópa
crann zen
crann tantrach
crann Chailí
ag damhsa ar bhlaoscanna
crann bolcánach
Aistéarót
Lílít
Istear is Astarta
ag cothú
caonaigh is léicin
ag bailiú smúdair
crann muisiriún
máthair na magairlíní
is an drualusa
crann na Nimfeach Coille
crann na nDraoithe
ball nead an damháin alla
is an rúcaigh
ball na hialtóige ar foluain
is an pocaire gaoithe ag feitheamh
crann na mbeathaí
na comhfhiosachta
crann teanga
giniúnach
ainmneacha á rá
scéalta á n-insint
is stair
claochlú
crann nach féidir a thomhas
crann neamhbhásmhar
crann na gcomrádaithe
is gach aer dá n-análaím

neamh-bhearrtha
    doshrianta
crann na síoraíochta
    crann na saoirse
uileghabhálach
crann an ghrá
    crann an chirt
bogha ceatha daonna
    faoi bhláth